Coimisiún na Scrúduithe Stáit

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2017***

# *Staidéar Foirgníochta*


## *Teoiric - Gnáthleibhéal*

***(200 marc)***

***Dé hAoine, 16 Meitheamh***
***Tráthnóna, 2:00 go 4:30***

***(a)*** *Freagair* ***Ceist 1*** *agus* ***trí*** *cheist eile.*
***(b)*** *Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.*
***(c)*** *Ní mór na freagraí a scríobh i ndúch.*
***(d)*** *Ní mór na líníochtaí agus na sceitsí a dhéanamh le peann luaidhe.*
***(e)*** *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir roimh gach freagra ar leith.*
***(f)*** *Ba chóir sceitsí néata saorláimhe a dhéanamh chun tuairiscí scríofa a léiriú.*
***(g)*** *Ní mór an t-ainm, na méideanna, na toisí agus na sonraí riachtanacha eile i gcás gach ábhair ar leith a luaitear a bhreacadh ar an líníocht.*


**1.** Is doras inslithe adhmaid é an príomhdhoras ar theach, agus tá cláir chéadair 12 mm ar an dá thaobh, de mar a thaispeántar. Tá an doras feistithe i mblocbhalla seachtrach coincréite 400 mm a bhfuil cuas láninslithe ann. Tá an balla rindreáilte ar an dá thaobh. Is iad toisí fhráma an dorais ná 150 mm × 70 mm agus tá an doras 90 mm ar tiús.



**(a)** Tarraing, de réir scála 1:5, gearradh ceartingearach trí cheann an dorais agus taispeáin an balla, na lindéir choincréite os cionn an dorais, fráma an dorais agus an doras féin. Taispeáin na sonraí tipiciúla tógála ó phointe atá 400 mm faoi bhun na lindéar go leibhéal atá 400 mm os cionn na lindéar.
Cuir isteach **trí** thoise thipiciúla ar do líníocht.

**(b)** Taispeáin go soiléir ar do líníocht conas uisce báistí a chosc ó bheith ag teacht isteach ag ceann an dorais.

**2.** An duille amuigh ar bhalla seachtrach ar theach nua, is blocbhalla coincréite 100 mm é, tá cuas ann, agus is de thógáil fráma adhmaid 200 mm é an duille istigh, mar a thaispeántar. Tá insliú sa duille istigh agus tá plástarchlár inslithe feistithe leis na stodaí adhmaid freisin.



**(a)** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus taispeáin conas atá an duille istigh le hinsliú. Ainmnigh an saghas inslithe atá le húsáid agus scríobh síos a tiús.


**(b)** Liostaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le hinsliú a chur leis an duille **istigh** den bhalla.

**(c)** Ar sceitse ar leith, taispeáin modh **amháin** le bailchríoch a chur ar an bplástarchlár sula ndéantar é a phéinteáil.

**3.** **(a)** Baintear úsáid as bailitheoir gréine chun uisce te a sholáthar do theach cónaithe, mar a thaispeántar. Tarraing sceitse mór saorláimhe den teach a thugtar, agus ar do sceitse, taispeáin an phíbobair atá riachtanach chun **uisce te** a sholáthar do dhoirteal sa chistin.

Bíodh na nithe seo a leanas sa sceitse agat:

- an bailitheoir gréine
- an príomhphíobán ardaitheach agus an umar stórála don uisce fuar
- an sorcóir don uisce te, mar a thaispeántar
- an phíbobair ón mbailitheoir gréine go dtí an sorcóir
- umar / soitheach borrtha
- an phíbobair go dtí an sconna te
- na comhlaí riachtanacha uile.



**(b)** Pléigh **dhá** buntáiste a bhaineann le bailitheoir gréine a úsáid chun uisce te a sholáthar do theach cónaithe.

**(c)** Ar **sceitse ar leith**, taispeáin dearadh do bhuacaire a bheadh éasca le húsáid ag duine nach bhfuil gluaiseacht na lámh go maith aige/aici.


**4.** **(a)** Taispeántar sa sceitse fuíollábhar as teach atá á athchóiriú. Chun bainistíocht an fhuíollábhair a fheabhsú, ní mór an fuíollábhar a shórtáil agus a stóráil ar an láithreán lena athúsáid. Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus taispeáin conas an fuíollábhar seo a shórtáil agus a stóráil mar is ceart.



**(b)** Déan plé ar **dhá** chúis ar cheart fuíollábhar a choimeád chomh híseal agus is féidir ar láithreán tógála.

**(c)** Mol **dhá** úsáid is féidir a bhaint as an adhmad a shórtáiltear ar an láithreán lena athúsáid, agus tabhair cúis **amháin** ar leith a thacaíonn le **gach** moladh acu.

**5.** Tá fuinneog cháisminte adhmaid a bhfuil gloiniú triarach ann, mar a thaispeántar, feistithe i mblocbhalla seachtrach 400 mm a bhfuil cuas láninslithe ann. Tá fráma feistithe na fuinneoige 100 mm × 80 mm agus tá briseadh teirmeach ann. Tá an balla rindreáilte ar an dá thaobh.



**(a)** De réir scála 1:5, tarraing gearradh ceartingearach tríd an mballa seachtrach agus tríd an gcuid íochtarach den fhuinneog, agus taispeáin fráma feistithe agus leac choincréite na fuinneoige. Taispeáin na sonraí tógála tipiciúla ó phointe atá 300 mm faoi bhun na leice coincréite go leibhéal atá 250 mm os a cionn.
Bíodh **trí** thoise thipiciúla ar do líníocht agat.

**(b)** Taispeáin ar do líníocht an tsonraíocht dearaidh thipiciúil a choiscfeadh droichead fuar ag leac na fuinneoige.


**6.** **(a)** Déan plé ar **dhá** chúis ar gá comharthaí sábháilteachta a chur ar taispeáint ag an geata isteach chuig láithreán tógála, mar a thaispeántar.



**(b)** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus taispeáin **trí** phíosa de threalamh cosanta pearsanta nach mór d'oibrí iad a chaitheamh ar láithreán tógála. Tabhair cúis **amháin ar leith** ar cheart gach píosa ar leith den trealamh cosanta pearsanta a chaitheamh.

**(c)** Déan cur síos ar **dhá** réamhchúram sábháilteachta ar leith nach mór a chomhlíonadh nuair a bhíonn uirlisí leictreacha á n-úsáid ar láithreán tógála.

**7**. Taispeántar sa sceitse áiléar atá á athchóiriú chun seomra leapa breise a sholáthar. Is urlár crua-adhmaid é an t-urlár agus tá teanga agus eitre ann.



**(a)** Ag baint úsáide as nótaí agus sceitsí saorláimhe duit, taispeáin modh **amháin** chun giarsaí an urláir a stopadh ó bheith ag casadh.


**(b)** Bain úsáid as sceitse mór saorláimhe agus taispeáin an t-alt teanga agus eitre idir dhá chláir urláir agus liostaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an modh siúntála seo.

**(c)** Déan plé ar bhuntáiste **amháin** agus ar mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann le háiléar a athchóiriú chun breis spáis a sholáthar le haghaidh seomraí leapa.

**8.** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus mínigh **cúig** cinn ar bith díobh seo a leanas:

- lámhráille
- cúrsa taisdíonach
- tuirbín gaoithe
- déadalt bosca
- comhla liathróide
- crochadán giarsa
- taobhán
- rátáil fuinnimh
- cuas seirbhísí.

**9.** Taispeántar sa sceitse doirse sleamhnáin a osclaíonn amach ar phaitió seachtrach ag cúl an tí. Úsáidtear deicre bogadhmaid ar ghiarsaí adhmaid chun an paitió a thógáil.



**(a)** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus taispeáin conas an deicre adhmaid a fheistiú ar na giarsaí chun a chinntiú nach bhfreangfaidh ná nach lúbfaidh an deicre, go háirithe le linn aimsir fhliuch.

**(b)** Mol bailchríoch a d’fhéadfaí a chur ar an deicre seachtrach chun é a chaomhnú. Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus déan cur síos ar na céimeanna atá i gceist chun an t-adhmad a ullmhú agus chun an bhailchríoch a mholtar a chur air.

**(c)** Baineann an-chuid bhuntáistí le paitió seachtrach do na daoine a chónaíonn sa teach. Déan plé ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le paitió seachtrach, mar a thaispeántar.

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

***Scrúdú Ardteistiméireachta, 2017***
***Leaving Certificate Examination, 2017***

# *Staidéar Foirgníochta*
## *Triail Phraiticiúil*

# *Construction Studies*
## *Practical Test*

*(150 marc/marks)*

## *Duration: 4:00 hours*
## *Fad: 4:00 uair an chloig*


**Note:** For clarity, some hidden detail has been omitted from this drawing.
**Nóta:** Tá roinnt sonraí fágtha ar lár as an líníocht seo ar mhaithe le soiléireacht.

Hand up this examination paper to the **Superintendent** at the end of examination.
Tabhair ar ais an scrúdpháipéar seo don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.


# Display Stand
# Seastán Taispeántais

Chamfers on piece E:
Saimféir ar phíosa E: 6 × 6 mm


Slope of dovetail:
Claonadh an déid: 1:6




Elevation / Aghaidhchló




End View / Taobhchló



Plan / Bonnchló



Shaping of edges is left to the candidate.
Fágtar faoin iarrthóir na corra a chríochnú go cuí.



***Note:*** Hand up this examination paper to the **Superintendent** at the end of the examination.
***Nóta:*** Tabhair ar ais an scrúdpháipéar seo don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

Hand up this examination paper to the **Superintendent** at the end of the examination.

Tabhair ar ais an scrúdpháipéar seo don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.